

Martha

Nuacht Feirste



Uimhir 11

5ú Márta

Táille 10p

Comóradh Cuí

BA é Domhnall Ó Lubhlai, bunaitheoir Chumann na bhFiann, a thug an óráid ag comóradh na Casca i Ros Comáin ar Dhomhnach Cásca.

Ní raibh i gcomóradh Ros Comáin ach ceann amháin de chorradh le 50 imeacht a d'éagraigh Gluaiseacht na Poblachta leis an tseachtó comóradh d'Eirí Amach na Cásca i 1916 a cheiliúró.

Ag caint dó sa Charraig Mhór, Co. Thír Eoghain dúirt Uachtarán Shinn Féin Gearóid Mac Adaimh nárbh fhíor dóibh siúd a dúirt go mbeadh ré nua ann don Ghaeilge i ndiaidh siníú an Chomh-aontaithe ag Hillsborough.

Ar seisean:

"Tá cosc ar fad ar an Ghaeilge agus ar an pheil Ghaelach sna príosúin; baineadh deontaisí ACE de LÁ; tá cosc ar shráidainmneacha Gaeilge ar fad; agus cad é tá déanta ag Peter Barry fá dtaobh de seo uilig? Tá Oifig Thuaisceart Éireann molta aige as an méid atá déanta acu don Ghaeilge!"

"Ba chóir cur i gcuimhne do Peter Barry tríd úsáid dteanga féin, go háirithe san Charraig Mhór ceann do na ceantair dheireannacha inar labhraíodh an Ghaeilge sna sé chontae sular maraíodh ag an impiúilachas cultúir i ba chóir cur i gcuimhne dó nach gcaithimid cead s'aigsean nó cead Margaret Thatcher a iarraidh le bheith Gaelach. Glacaimid an teanga Ghaeilge chugainn mar oidhreacht s'againn féin agus ní ghabhaimid leithscéal le duine ar bith dá bharr."

Labhair comhairleoir ó Dhoire, Mitchell McLaughlin, ag an chomóradh is mó sna sé chontae in Iarthar Bhéal Feirste. Dúirt sé go raibh an cultúr Gaelach "Caite sa díg" ag polaiteoir Bhaile Átha Cliath. Dúirt sé go raibh príonsabail fir agus mná 1916 tréigthe acu i dtaca le neamhspleáchas cultúir de.



● Oglagh ag caitheadh rois urchar ó cionn uaigh Oglach Tony Gough

"An lá ata inniu ann tá gach mórghrúpa cultúrtha agus teanga sna sé chontae fíchead in adharca leis an rialtas i mBaile Átha Cliath de thairbhe a neamhpholasiathe ar an Ghaeilge."

"Tá níos lú ná 2% de chlár RTE i nGaeilge, tá díograiseoirí teanga á geur i bpríosúin ag an rialtas agus tá nod tugtha acu do mheath leanúnach na Gaeltachta."

Ag caint ag trí ionad i nDeisceart Ard Mhacha dúirt Micheál Mac Con Mara iar-eagarthóir Gaeilge leis an Phoblachta nach raibh deireadh le "tromlú" na náisiúntóir mar bhí geallta ag Peter Barry.

Ar seisean:

"Tá na nollphéisteanna amuigh ansin ar fad fana naghaidheanna dubha. Tá thar thuas san aer ina gcuid héalacaptar, sna cnoic ag déanamh luíocháin ar Éireannaigh agus ar na bóithre ag cur bac ar an phobal."

Thug ceannasaí Roinn an Chultúir, Máirtín Ó Muilleoir an óráid ag an

chomóradh in Iúr Chinn Trá.

Mhaigh sé gurb é bunú an fhochoiste cultúir don Ghaeilge ar chomhairle an Iúir, ar mholadh ó Shinn Féin ar an chéim is tábhachtaí don Ghaeilge sa cheantar ó aimsir na críochdheighilte.

"Tríd bunú na bhfo-choistí cultúir i gcomhairlí náisiúnacha sna sé chontae tá straitéis leagtha amach ag Sinn Féin do chur chun cinn na Gaeilge agus bhí aitheantas oifigiúil tugtha don Ghaeilge sna sé chontae don chéad uair ón séú haois déag."

I nDoire scaoil triúr Oglach rois urchar thar uaigh Tony Gough, a maraíodh ag Arm na Breataine sa chathair i mí Feabhra.

Ag tabhairt na hóráide dúirt Dónall Mac Muiris go raibh Garret Fitzgerald i gcumhacht inniu as siocair gur shiab Óglaigh na hÉireann "na cloigne da gcomh-Éireannaigh san RIC" an dream a tháinig roimh ár gcomh-Éireannaigh san RUC.

Eagarfhocal

Sinn Féin agus an Ghaeilge

"WE must not allow the Irish language – our birthright – to be hijacked by subversives.

"A sinister move was afoot by subversives in our midst to claim the Irish language as their special right and they were using it to give a veneer of respectability and patriotism to their evil deeds. It is a shocking slur on the great and noble men of 1916 to claim the language of Pearse and his men as their preserve."

BHÍ an méid sin le rá ag Aire Gaeltachta agus Cosanta na sé chontae fichead, Paddy O' Toole ag paráid Casca i Ros Comáin ar Dhomhnach Cásca. Is cosúil gur de thairibhe Domhnall Ó Lúbhlaí duine dena Gaelgeoirí is cluití in Éirinn, a bheith mar aoi-chainteoir ag comóradh Poblachtach sa

chontae chéanna ar an lá chéanna a thug an t-Uasal Ó Tuathail an ráiteas amaideach sin.

Ní 'deacair an bhréag a thabhairt d'fhocail Uí Thuathail.

Ar dtús ní ag iarraidh seilbh a ghlacadh aran Ghaeilge atá Sinn Féin, ar ndóigh is sinne na 'subversives' atá i gceist aige. Tá ráite ag ár n-ur-labhraithe go mion minic nach bhfuil monaplacht ar bith ag

Sinn Féin ar an Ghaeilge roimh gach áit chun cinn. Ní deamach a d'iarr ar an SDLP a d'áil – achainí a diúltaíocht.

Tá cinnte anailís bheochain na teanga féin againn ar an cheiseann na comh-chumhar nach féidir an Ghaeilge ialach a bhunú. Chaidétha nach aidhm réidú níl polasáí cinnte ag hathbheochana.

Is ionann Sinn Féin go bhfuil ár ndearca Gaeilge. Creidimid gur an an-impiúilachas í nach féidir a háit chegan Poblacht Shóisialbunáithe in Éirinn. AcTraolach Mac Suibhne

Cad chuige mar sin ag iarraidh polasáí Shchur as a riocht. An eamh air go ndéanfa Sinn Féin a bheith bain

Bord na Gaeilge agus Sinn Féin

LE CIAN Mac AOIDH

AG CRUINNIU i mBeal Feirste an tseachtain seo chu-aigh thart idir bainisteoir pobail Bhord na Gaeilge, Antoine O Coileáin, agus ionadaithe o Shinn Féin tug-adh le fios go mbeadh na se chontae san aireamh do Phlean Gnhiomhachta 1986-1990 ata a ullmhu ag an Bhord.

Bhí an tUasal O Coileáin i mBeal Feirste le buaileadh leis na grúpaí éagsúla Gaeilge agus le Roinn an Chultúir de Shinn Féin. Thug sé le fios go raibh 'fo-choiste don tuaisceart' ceaptha ag an Bhord agus go raibh cinneadh glachta lena áit cheart a thabhairt don tuaisceart sa chéad Phlean eile.

– Plean a Dó. Mhair an chéad phlean ó 1982 go dtí 1986.

Dúirt sé go raibh Glór na nGael ag brath scéim na nGael ag brath scéim na nGael a thoisíocht gan ró-mhoill agus go raibh seans ann go n-ainmneofaí Iarthar Bhéal Feirste mar cheann dena scéimeanna seo. B'ionann sin is go mbeadh áiseanna á gcur ar fáil do Ghaelgeoirí sa chean-

tar agus go gcaithfí airgead ar thionscnaimh Ghaelacha.

I mBeal Feirste do bhuaill Antoine O Coileáin le LA, le Scoil Phobal Feirste, agus le Glór na nGael.

An tseachtain seo fosta scríobh Príomhfheidhmeannach Bhord na Gaeilge chuig feisire Iarthar Bhéal Feirste ag rá go dtógfadh an Bhord ceist an daonáirimh ar Ghaelgeoirí le Aire Gnóthaí Eachtracha na sé chontae fichead, Peter Barry.

Dúirt an tUasal Grae go raibh an Bord ag réiteach le haghaidh an Dara Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge.

Ar seisean:

"Ba bhreá linn moltaí agus tuairimí a fháil ó ghrúpaí áitiúla mar mhuinintir Iarthar Bhéal Feirste. Má tá pleananna acu faoin mhéid ar mhaith leo a bhaint amach ina gceantar féin ba bhreá linn tuairisc a fháil uathu agus dheanfaimis scrúdú ansin ar na bealaí ina bhféadfaimis cuidiú leo."

Beidh Mórthionól bliantúil Bhord na Gaeilge leis an Phlean Gníomhaíocht a ath-bhreithniú ann ar an 2ú agus 3ú Bealtaine in Ostan Shelbourne, Baile Atha Cliath.

Is féidir tuilleadh eolais a lorg ón Bhord ag 0001-763222

Príomchathair Gaelach

IS é Beal Feirste príomhchathair Ghaeilge na hÉireann.

Sin an firic iontach atá nochtaithe ag Glór na nGael in Iarthar Bhéal Feirste i ndiaidh brú – chúrsa Gaeilge in Ionad Pobal an Carraige Báine a mhair ocht seachtaine.

D'fhreastail 20 duine ar an chúrsa ó thús go deir-

eadh agus ag ócáid ar leith Dé hAoine 28ú Márta bronnadh teastaisí speisialta ar na scolairí. Tá focal ar bhunús na n-áiteacha don chéad chúrsa eile a thosaíonn ar 7 Aibreán cheana féin.

Ba thoradh an dianchúrsa Gaeilge ar chomhoibriú idir Coiste Iarthar Bhéal Feirste de Ghlór na nGael agus an Workers' Education Association.

Better English spoken on the radio

nil Gaeilge

BBC is the most advanced of all

Ghaeilge agus go gcuireann muid iarracht leis an Ghaeilge a chur i bhfad iad na Poblachtánaigh aontas ar son na Gaeilge a thóg-taoidh.

Is déanta ag Sinn Féin ar ath-gu agus tá feallsúnacht dár gcuid cheist. Ní rud iontach é sin. Creid-mannaigh in Eirinn mar shampla eilge a athbheoú gan córas sóis-sídeann Daonlathaithe na Forbar-aidiúil i athréimíu na Gaeilge agus ag an SDLP go fóill ar cheist na

fein agus na páirithe sin sa méid is creadh fein againn ar cheist na gur cuid den tsreachailt in éad-ais i athbheochan na Gaeilge agus cheart a thabhairt don Ghaeilge aistialch Dhaonlathach a bheith aontaithe — direach mar chreid-ne agus Pádraig Mac Piarais.

Sin a bhfuil an tUasal Ó Tuathail Shinn Féin i leith na Gaeilge a an dtiocfadh di go bhfuil buair-faith sé aimhleas na Gaeilge aintie léi?

An measann sé gur chun dochair don Ghaeilge a théann ar gcoláistí Ghaeilge agus Ghaeltachta, ar n-iris Ghaeilge *Saoirse*, ar nuachtán *Nuacht Feirste*, ar mbolscaireacht leanúnach ar chúrsaí nó ar gcuid ranganna.

Beag an baol.

Dá mba rud é go raibh Ó Tuathail buartha fá staid na Gaeilge is ag tromaoicht ar a pháirtí fein a bheadh sé. Ba é an Comhrialtas seo a bhris an nós nach mbeadh curam ar bith eile ar Aire na Gael-tachta taobh amuigh de chúrsaí Gaeilge. Mar sham-pla le cois a bheith freagrach as cúrsaí Gaeiltachta tá Ó Tuathail freagrach as an Roinn Cosanta.

Tá an comhrialtas seo ag bagairt Coláiste Carys-ford — a bhfuil cliú na Gaeilge uirthi a dhruidim. Mharaigh siad an nuachtán Gaeilge *Inniu*. Dhiúl-taigh Roinn na Gaeiltachta cabhair athabhairt do nuachtán *LÁ* i dtaca le hólé tá siad freagrach as staid náireach na Gaeilge ar RTE.

Ní buaireamh fan Ghaeilge atá taobh thiar de liomháintí Uí Thuathail ach buaireamh go gcruth-ódh Sinn Féin tríd a ngíomhaíocht ar chúrsa na teangan gur cuma sa tsoic leis an rialtas seo fan Ghaeilge.

Cé aige ata fhios nach spreagfaidh na 'subversives' lucht an Chomhrialtais le rud beag oibre a dhéan-amh ar chúrsaí Gaeilge.

LÁ ar an mbóthair

TÁ beartaithe ag Eagarthóir *LÁ*, Gear-oid Ó Cairealláin agus a phríomhth-uairisceoir, Eoghan Ó Néill, turas na hÉireann a dhéanamh ar rothair le airgead a thógáil don nuachtán laeth-úil Gaeilge a bhfuil mórfhadhbanna airgid ag cur as do le fada an lá.

Rachaidh an bheart tríd mórbhailte na hÉireann agus ba mhaith leo cloisteáil ó dhreamanna nó ó dhaoine a bheadh toil-teanach fáilte a chur rompu nó imeachtaí a eagrú ar a son.

Beidh an bheirt i mBaile Átha Cliath in am do Mhórhionól Bhord na Gaeilge agus i Luimneach ar 9ú Bealtaine d'Ard Fheis Chonradh na Gaeilge.

Arsa Eoghan Ó Néill:

"Anuraidh gheall an Conradh £5,000 do *LÁ* ach ní fhaca muid pingin de go fóill."

"Socrú náireach"

TÁ ráite ag an tuairi-sceoir aithnidiúil, Proinn-síos Mac Aonghusa gur "Sacsan nua dár bh ainm Éire" is áil le Garret Fitzgerald. Ina alt ar Anois na seachtaine seo caite deir se:

"Scríobhas cheana.. nach riabh réiteach Hills-borough náireach, cé nach raibh sé le moladh. Is eagal liom go rabhas ar

strae. Is measa an réiteach úd ná mar a cheapas. Réit-each é nach bhfeileann d'Éireannach ar bhith, biodh se ina aondachtoir nó ina náisiúntóir...

"Ní ag cuimhniú ar chearta bunúsacha Éireann-acha a bhí Airí an Chomh-rialtais nó Airí Shasana. Faightís roimh na poblach-tanaithe a thug le cheile iad agus ba chuma le creachtar



díobh cé air a ndéanfaidís feall da bhféadfaí buille marfacha bhualadh ar an bpoblachtánachas...

"Deireadh an phoblach-tánais atá ó lucht tacaí-

ochta Hillsborough. Agus mäs gá sin cuirfear Hills-borough i bhfeidhm sa deisceart le gunnaí agus le príosúnú breige agus le imtheorannú."

Freagra an phobal do fhóg-rán an BBC ar Bóthar na bhFáil — Níl Gaeilge ann

English is the BBC.

the BASIC languages.

Acorn

Ag foghlaim na Gaeilge

CEACHT A NAOI

CEANNAIGH

Ceannaím — ní cheannaím — An gceannaíonn tú?
Ceannaíonn tú
Ceannaíonn sé
Ceannaíonn sí
Ceannaíonn muid
Ceannaíonn sibh
Ceannaíonn siad
Ceannaím earraí na seachtaine san ollstór.

CUIDIGH

Cuidím — Ní chuidím — An gcuideíonn tú?
Cuidíonn tú
Cuidíonn sé
Cuidíonn sí

Cuidíonn muid
Cuidíonn sibh
Cuidíonn siad
Cuidím le mo bhean na soithí a ní gach oíche.

OSCAIL

Osclaím — Ní osclaím — An osclaíonn tú?
Osclaíonn tú
Osclaíonn sé
Osclaíonn sí
Osclaíonn muid
Osclaíonn sibh
Osclaíonn siad
Osclaím mo sparán anois is arís.

FOCLOIR:

Éirím — I get up
Suím — I sit down
Seasaim — I stand
Siúlaím — I walk
Rithim — I run
Fanaím — I wait
Ním — I wash
Tagaim — I come
Téim — I go
Tógaim — I take
Tagaim — I leave
Cuirim — I put
Amharcaim — I look at
Léim — I read
Ithim — I eat
Olaim — I drink
Bím — I do be (I am)

Samuel Ferguson (1810-1886)

LE DEASÚN BREATNACH

I mBÉAL FEIRSTE ba ea a rugadh Sir Samuel Ferguson agus má theastaíonn ó aoinne é a chomóradh is dóigh liomsa gur i mBéal Feirste a ba chóir an éigse a chur ar bun, cé gur i mBinn Eadair, gar do Bhaile Átha Cliath, a fuair sé bás.

I mBéal Feirste freisin, ba ea a chuaigh sé ar scoil an chéad uair, ach i gColaiste na Tríonóide a bhain sé an chéim amach. In 1838 glaoth chun an bharrá é agus rinne QC de i 1859, ach in 1867 d'éirigh sé as gnó an dlí nuair a ainmníodh é mar Leas-Choimeadai na nAnnála Éireannacha. In 1878 ba ea a fuair sé an 'sir' úd.

Boc mór ab ea é cheapfaí bheadh fíor-dhílis do "Bhriotan-achas" ar gach uile a bhealach. Ní mar sin a bhí, mar sin féin. Tá sin le feiceáil óna chuid scríbhinní: *Lays of the Western Gael* (1865), *Congal* (1872), *Poems* (1880), agus *Ogham Inscriptions in Ireland, Wales, Scotland* (1887).

Ní raibh Ferguson ina aonar i measc na ndaoine léannta sa 19ú gcéad a chuir ard-spéis ina chuid fréamacha, sna traidisiúin ársa a bhí coinnithe slán sábháilte ag Gaeilgeoirí agus ag cuid mhaith Béarlóirí. Agus faoin am sin bhí Gaeilge ar eolas ar leath an phobail, nach mór, go dtí an Gorta Mór, ar aon chaoi.

Ó thart faoi 1750 ar aghaidh go dtí thart faoi 1900 bhí go leor leor Protastún corraithe go mór

faoi dhúchas na hÉireann. Thuig na Sasanaigh an chontúirt a bhaineann le heolas ar an dúchas, go háirithe ar an teanga dhúchais, mar a thuig gach impireacht, mar a thuig na Rómhánaigh féin, agus an cruthú i leabhar Tacitus.

Ach ar an taobh eile den scéal, is amhlaidh a cheap na Sasanaigh go raibh an port seinnnte ag dúchas na hÉireann nuair a d'éirigh leo deireadh a chur leis an bParlimint i bhFaiche an Chólaiste, Baile Átha Cliath, pairlimint a bhí chomh dána sin ó am go chéile go bhagair sí go poiblí go raibh sí neamhspleách ar Phairlimint Shasana agus go raibh sé mar dhualgas uirthi feidhmiú ar leas mhuintir na hÉireann (cé gurbh ionann an "mhuintir" úd, dar léi, agus na Plandóirí). Ar ndóigh, an rud a tharlódh i Meiriceá d'fhéadfadh sé a tharlú in Éirinn...

Chun na cúrsaí seo a thuiscint níbh fhearr, agus an tábhacht a bhaineann i gcónaí le cúrsaí cultúrtha, níor mhiste don léitheoir dílis fios a chur ar *Hidden Ulster (The Other Hidden Ireland)* le Pádraig O Snodaigh, Clódhanna Teoranta, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath.



70ú Comóradh Éirí Amach na Cásca
MÔRSHÚIL NAISIÚNTA

2.30pm Sathrain 5ú Aibreán

ó Faiche Stiofán

go dtí an GPO

BAILE ÁTHA CLIATH

Fáilte roimh grupaí polaitiúla, soisialta agus cultúrtha.

CUMANN NA MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE

CHEOIL

GACH AOINE

Fáilte romhaibh uilig

CÉILÍ MÓR

Dé Sathainn 5ú Aibreán

Andersonstown Social Club

Béal Feirste

Eagraithe ag Roinn an Chultúir, Sinn Féin

Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Oíche Folk
Déardaoine

Oíche Cheoil
(fáilte roimh
Ghaeil)

Dé hAoine

Oíche Luain

Dara Rang

Gaeilge

Oíche Mháirt
Bunrang

Oíche Chéadaoin
Bunrang agus
Ard-Rang

Crosfhocal 4

Trasna

1. Cluichí (8)
5. Achan, gach (4)
7. Brú-ghrúpa ar son na Gaeilge (4)
8. Is iomaí... a bhris srón (4)
9. Scís, stad i lár cogaidh (6)
11. Neamhaird (7)
12. Déan amhrán (3)
14. Smacht (4)
15. Clampar, callán (4)
16. Mian (4)
18. Buail ar dhoras (4)
19. Leath rud éigean (4)
20. Toradh cluiche (4)
23. Rí Éireann uair amháin (3)
24. Airgead slándála... ar eagla na heagla (7)
25. An tír seo (6)
27. Duine a chuidíonn leat (4)
28. Fásann barra as seo (4)
29. Dea-mhúinte (4)
30. Idir mise agus tusa (8)

Síos

1. Grúpa, dream polaitiúil (6)
2. Duine a thocailéann gual (9)
3. Stiúrtha (4)
4. ...sásta (6)
5. Éan na seilge (7)
6. Sean uaigh déanta as clocha (5)
9. Ar an taobh eile uait (4)
10. Daoine marbha (7)
13. Bailíonn siad (24 trasna) (9)
16. Ag ceannacht agus ag díol, gnó (7)
17. Taobh istigh (7)
18. Méid éise i mBéarla? (4)
21. Measaithe, rud gléasaithe (6)
22. Ual nó lann faoi d'ascail (6)
26. Gruaige amháin (4)

Buaiteoir Crosfhocal 3: Pádraig Mac Giolla Eoin, 12 Sráid Strandfield, Béal Feirste 12.

Freagraí Crosfhocal 3

Trasna: 1. Scamall, 8. Saorga, 9. Amharcáil, 10. Naoi, 11. Amadán, 14. Mná, 16. Anaid, 17. Staon, 18. Ráite, 19. Athló, 21. Caí, 23. Aimisr, 25. Siod, 27. Céasánach, 28. Meatha, 29. Caiseal.

Síos: 2. Comhartha, 3. Meala, 4. Lachán, 5. Palandróm, 6. Dreim, 7. Macra, 8. Sí, 12. Dánaíocht, 13. Namha, 15. Nathracha, 20. Liosta, 21. Calma, 22. Iseal, 24. Sonas, 26. Dea.

